C/2025/5052

17.9.2025

# Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/5052)

FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH A CHUR IN IÚL

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

**'Aceite del Bajo Aragón'**

**PDO-ES-0118-AM02 — 11.6.2025**

1. **Ainm an táirge**

'Aceite del Bajo Aragón'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☒ Ainmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint (ATFC)

☐ Tásc Geografach faoi Chosaint (TGFC)

☐ Tásc Geografach (TG)

3. **Earnáil**

☒ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

an Spáinn

5. **Údarás an Bhallstáit atá ag cur an leasaithe chaighdeánaigh in iúl**

Ard-Stiúrthóireacht an Bhia – An Aireacht Talmhaíochta, Iascaigh agus Bhia

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Níl i gceist leis na leasuithe a dtugtar tuairisc orthu agus a mhínítear thíos athrú ar ainm an táisc gheografaigh faoi chosaint nó ar úsáid an ainm sin: níl bhfuil baol ann dá dheasca go gcuirfí an nasc ar neamhní ná níl srianta breise ar chur ar margadh an táirge i gceist leo. Dá bhrí sin, is 'leasuithe caighdeánacha'iad de réir bhrí Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 maidir le tásca geografacha le haghaidh fíona, deochanna biotáilleacha agus táirgí talmhaíochta, chomh maith le sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta le haghaidh táirgí talmhaíochta, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1308/2013, (AE) 2019/787 agus (AE) 2019/1753 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

1. *Leasú ar fhoclaíocht shaintréithe an táirge*

Freagraíonn na leasuithe a iarradh don sainmhíniú i Roinn B) Tuairisc ar an táirge, atá coibhéiseach le Roinn 3.2 den doiciméad aonair.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

Meastar go bhfuil na leasuithe sin neamhriachtanach agus tugadh na sainmhínithe i gcomhréir leis na Rialacháin atá ann cheana.

TUAIRISC

Scriosadh an méid seo a leanas:

"Cuma: Glan, gan aon rian screimhe, moirtiúlachta ná salachair ann a chuirfeadh isteach ar ghléineacht na hola,

Dath: Buí, agus fordhathanna ann sa raon idir órbhuí agus sean-ór.

Blas: Blas torthaíoch i dtús an tséasúir, blasanna éadroma almóinní, gan searbhas, ar a mbíonn ruainnín milseachta le brath agus a bhíonn beagáinín géar.

Scór íosta an phainéil blaiste: aicmiú mar 'ola olóige úríon'"

Is mar a leanas atá an téacs leasaithe anois:

"Tréithe orgánaileipteacha:

Dath: dath glas nó glas scothbhuí i dtús an tséasúir buainte; dath buí i ndeireadh an tséasúir buainte, nuair a bhíonn an ola olóige níos aibí.

Próifíl: Ag brath ar thráth na buainte, is féidir le holaí torthaíocha a bheith sa raon idir éadrom agus dian, agus is féidir le holaí searbha agus géara a bheith sa raon idir éadrom agus meánach. Ar a mbíonn mionbhlasanna a thabharfadh torthaí triomaithe, gallchnónna agus almóinní go háirithe chun cuimhne.

Fabht airmheánach (Md): = 0

Airmheán torthaíoch (Mf): > 2

Airmheán le haghaidh thréith na seirbhe: < 6

Airmheán le haghaidh thréith na géire: < 6

Fisiceach agus ceimiceach:

Aigéadacht (% aig. oiléach): 0,80 ar a mhéad

Innéacs sárocsaíde (mEq O2/kg): 20 ar a mhéad

K270 (n.m.): 0,15 ar a mhéad

K232 (n.m.): 2,00 ar a mhéad

Bogthaise agus galacháin (%): 0,15 ar a mhéad

Eisíontais (%): 0,10 ar a mhéad"

MÍNIÚ

Leis na saintréithe a leagtar amach sa tsonraíocht táirge atá ann faoi láthair, sainítear próifíl orgánaileipteach atá imithe i léig; baineann na téarmaí "gan searbhas, ar a mbíonn ruainnín milseachta le brath agus a bhíonn beagáinín géar" le tráth nuair a bhí coinne leis, thar aon ní eile, go mbeadh searbhas nó géire íseal ag olaí olóige úríona. Dhiúltaigh tomhaltóirí d'olaí nach raibh milis agus chuir siad iad i mbaint le cineálacha olóige. Tá athrú tagtha ar an gcoincheap sin anois, agus sainmhínítear olaí sa lá atá inniu ann mar éadrom, meánach agus dian.

Tairgeann an margadh olaí olóige úríona a tháirgtear i dtús na bliana buainte ar olaí iad ar a mbíonn mionbhlasanna searbha agus géara araon níos suntasaí, agus tairgeann sé olaí níos aibí freisin, a bhíonn níos milse. Baineann na mionbhlasanna sin le dath na hola: bíonn dath níos glaise ar na holaí olóige úríona níos luaithe, mar gheall ar an gclórifill a bhíonn iontu, ná iad siúd a tháirgtear níos déanaí, a mbíonn dath níos buí orthu toisc go mbíonn an chlóraifill díghrádaithe agus go mbíonn méadú tagtha ar leibhéil charaitéine. A mhéid a bhaineann leis na paraiméadair fhisiceacha agus cheimiceacha, níl aon athrú ar na ceanglais. Níor athraíodh ach foclaíocht na bparaiméadar sin chun an fhormáid a thabhairt cothrom le dáta.

Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

2. *Leasú ar fhoclaíocht an limistéir gheografaigh*

Baineann an leasú a iarradh leis an sainmhíniú atá ann i Roinn C), Limistéar geografach, den mhír "Limistéar arna shaothrú". Ní mheastar an leasú sin a bheith fíor-riachtanach.

TUAIRISC

Scriosadh an mhír seo a leanas:

"Cumhdaíonn saothrú ológ 36 600 heicteár, a gcomhfhreagraíonn 31 560 heicteár díobh do chineál Empeltre, 2 200 heicteár díobh do chineál Arbequina agus 1 000 heicteár díobh don chineál Royan, arb é sin 95 % den talamh faoin mbarr sin sa limistéar, rud a léiríonn a thábhacht eacnamaíoch agus a nasc leis an gcríoch."

MÍNIÚ

Formheasadh an tsonraíocht táirge in 2000, agus baineann na heicteáir a léirítear leis an tráth sin. Tá 24 bliana caite agus tá athrú suntasach tagtha ar an limistéar barr agus leanfaidh sé de bheith ag athrú le himeacht aimsire. Tríd an tuairisc sin a scriosadh, tugadh an tsonraíocht táirge cothrom le dáta agus níl sí as feidhm a thuilleadh, gan aon tionchar aige sin ar an nasc leis an gcríoch. Ní mheastar an leasú sin a bheith fíor-riachtanach.

3. *Earráid chléireachais a bhaineann leis an limistéar geografach a cheartú*

TUAIRISC

Déanann sé sin difear don roinn den tsonraíocht táirge agus den doiciméad aonair dar teideal "Limistéar geografach". Bardas Codo a chur san áireamh sa limistéar geografach a chumhdaítear leis an ATFC "Aceite del Bajo Aragón".

Leasú nach bhfuil fíor-riachtanach.

MÍNIÚ

Tar éis teacht ar earráid chléireachais i ndáil leis na bardais atá ann mar chuid den limistéar geografach, cuireadh Codo isteach. Ní chuireann sé sin síneadh le teorainn sheachtrach an limistéir a chumhdaítear: Tá Codo suite laistigh den limistéar geografach faoi chosaint. Is ceartúchán é sin ar earráid sa tuairisc ar an limistéar geografach.

Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

4. *Leasú ar fhoclaíocht an limistéir gheografaigh*

Déantar tagairt sa leasú a iarradh don sainmhíniú ar "Staid an limistéir" i Roinn C, "Suíomh an limistéir".

Scriosadh an mhír seo a leanas:

"Suíomh an limistéir. – Is éard atá i limistéar táirgeachta na n-olaí a chumhdaítear leis an ainmniúchán tionscnaimh 'Aceite del Bajo Aragón' an réigiún nádúrtha atá suite in iarthar Chomhphobal Féinrialaitheach Aragón sa cheantar ina mbuaileann cúigí Zaragoza agus Teruel le chéile."

Cuireadh an téacs seo a leanas isteach:

"Suíomh — Is éard atá sa limistéar geografach an ceantar nádúrtha atá suite in iarthar Chomhphobal Féinrialaitheach Aragón atá suite sa cheantar ina mbuaileann cúigí Zaragoza agus Teruel le chéile. Tá imlíne 469,4 ciliméadar aige agus is é 6 380 ciliméadar cearnach a achar dromchla iomlán.

Maidir le táirgeadh na n-ológ, eastóscadh an táirge, agus pacáistiú na n-olaí a chumhdaítear leis an Ainmniúchán Tionscnaimh, tarlaíonn an obair sin uile sa limistéar geografach."

MÍNIÚ

Is nuashonrú é sin ar shainiú stádas an limistéir, agus limistéar na talún atá faoi chosaint á chur leis. Sonraíodh freisin go ndéantar an ola a chumhdaítear leis an ATFC "Aceite del Bajo Aragón" a eastóscadh agus a phacáistiú sa limistéar faoi chosaint sin.

5. *Leasuithe eagarthóireachta*

Baineann an leasú a iarradh leis an dara mír de roinn D) "Fianaise gur de thionscnamh an limistéir an táirge". Ní mheastar an leasú sin a bheith fíor-riachtanach.

TUAIRISC

Scriosadh an abairt seo a leanas:

"cigireacht roghnaithe."

Cuireadh an abairt seo a leanas isteach:

“measúnú cáilíochta roghnaithe”

Cúis (Cúiseanna):

MÍNIÚ

Is athrú ar an ainmníocht é mar gheall ar na hathruithe ar chórais cháilíochta.

6. *Leasuithe eagarthóireachta*

Baineann an leasú a iarradh leis an sainmhíniú i Roinn E), “Modh táirgthe”, sa chéad mhír, “Foinse”. Ní mheastar an leasú sin a bheith fíor-riachtanach.

TUAIRISC

Scriosadh an fhoclaíocht seo a leanas:

“fáschoillte”

Cuireadh an focal seo a leanas isteach:

“gabháltais”

MÍNIÚ

Is athrú ar an ainmníocht é mar gheall ar na hathruithe ar chórais cháilíochta.

7. *Leasuithe eagarthóireachta*

Baineann an leasú a iarradh leis an sainmhíniú i Roinn E) “Modh táirgthe”, sa chéad mhír, “Foinse”. Ní mheastar an leasú sin a bheith fíor-riachtanach.

TUAIRISC

Scriosadh an abairt seo a leanas:

“arna rialú ag an gComhairle Rialála agus arna soláthar in éineacht leis an deimhniú comhréireachta comhfhreagrach.”

MÍNIÚ

Ní áiríonn na nósanna imeachta deimhniúcháin an doiciméad seo le haghaidh príomhoibreoirí.

8. *An modh táirgthe a choigeartú.*

Baineann an leasú a iarradh leis an sainmhíniú i Roinn E) “Modh táirgthe”, sa mhír “Cleachtais saothraithe”. Ní mheastar an leasú sin a bheith fíor-riachtanach.

TUAIRISC

Scriosadh an mhír ar fad:

“Cleachtais saothraithe: Maidir le cothabháil ithreach, déanfar curaíocht éadomhain san earrach agus sa samhradh. Ní bheidh dáileoga níos airde ná 1 kg N2/crann i gceist le leasú, agus déanfar cóireáil amóinia i dtreo dheireadh an gheimhridh. Beidh an phrúnáil éadrom i bhfáschoillte óga, agus roinnt tanúcháin craobhacha á dhéanamh ón 4ú bliain ar aghaidh chun go scaoilfear solas isteach sa cheannbhrat agus chun fás péacán nua a spreagadh. I bhfáschoillte lánfhásta, seachnófar prúnáil dhian lena ndéantar an crann a dhíbheochan, rud a fhágann gur féidir an cóimheas duilleog/adhmaid a choinneáil ar bun. Déanfar prúnáil athnuachana chun fás péacán nua a spreagadh agus chun struchtúir nua crann a phlandú,”

Cuireadh an mhír seo a leanas isteach:

“Beidh cleachtais saothraithe agus cothabháil ithreach ag brath ar na hachair plandaithe, ar na crainn a bheith uiscithe nó neamhuiscithe, agus ar na cineálacha. Sa lá atá inniu ann, tá cuid mhór córas bainistíochta fáschoille ann, ag brath ar na fánaí, ar mhais na gcrann ológ agus ar na cineálacha. Chomh maith leis sin, beidh prúnáil ag brath ar na hachair plandaithe, agus ar an gcaoi a mbeidh an bhuaint le déanamh. Is féidir í a aicmiú mar a leanas: athnuachan, treorú nó prúnáil spoir.”

Cúis (Cúiseanna):

MÍNIÚ

Ní féidir leis an bhfeirmeoir atá cláraithe leis an ATFC "Aceite del Bajo Aragón" a bheith faoi réir rialacha ginearálta atá bunaithe cheana féin maidir le cleachtais talmhaíochta: rinneadh athrú ar an gcóras uisciúcháin sna fáschoillte agus, dá bhrí sin, rinneadh athrú ar an bprúnáil.

9. *Leasú ar an modh táirgthe.*

Baineann an leasú a iarradh leis an sainmhíniú i Roinn E), "Modh táirgthe", sa mhír a bhaineann le "Buaint". Ní mheastar an leasú sin a bheith fíor-riachtanach.

TUAIRISC

Scriosadh an mhír seo a leanas:

"Déantar é ó lár mhí na Samhna, nuair nach mbíonn torthaí glasa ar an gcrann a thuilleadh, trí phiocadh láimhe nó trí na craobhacha a chroitheadh."

Cuireadh an mhír seo a leanas isteach:

"Déanfar na hológa a chrannbhuaint go heisiach, a phiocadh díreach ó na crainn iad trí phiocadh láimhe traidisiúnta, trí bhuaileadh cuaille láimhe nó trí na craobhacha a chroitheadh."

MÍNIÚ

Tá dul chun cinn déanta le blianta beaga anuas maidir le coincheapa le haghaidh tréimhsí cáilíochta agus buainte. Ní hamháin go bhfuil éileamh mór ag tomhaltóirí ar olaí olóige úríona a bhfuil mionbhlasanna torthaí glasa orthu – tá a gcomhdhéanamh ceimiceach níos saibhre freisin i dtaca le polaifeanóil agus comhdhúile eile den chodán neamh-inghallúnaithe, rud a fhágann go dtéann sé chun tairbhe níos mó do shláinte an tomhaltóra agus go mbíonn seilfré níos faide ag an ola. As measc na gcineálacha aitheanta de chuid na sonraíochta táirge, déantar Arbequina a bhuaint níos luaithe agus aibíonn sé ar bhealach níos neamhrialta. Cuirfidh an leasú sin borradh faoi cháilíocht na hola deimhnithe agus faoina díol ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon.

10. *An modh táirgthe a nuachóiriú*

Baineann an leasú a iarradh leis an sainmhíniú i Roinn E), "Modh táirgthe", sa mhír dar teideal "Meilt". Ní mheastar an leasú sin a bheith fíor-riachtanach.

TUAIRISC

Scriosadh an mhír maidir le meilt:

"Is éard atá i gceist le meilt fíochán an laín a bhriseadh síos chun an ola a eastóscadh mar eibleacht. Ní gá meilt mhín a dhéanamh ar ológa Bajo Aragón ós rud é go bhfuil na torthaí buainte aibí cheana féin. Féadfar na cineálacha muilinn seo a leanas a úsáid: – Meilteoir: a úsáidtear sa chóras traidisiúnta. Chun eiblitheoireacht is fearr is féidir a bhaint amach, ní mór na hológa a bhrú ar feadh idir 10 agus 15 nóiméad ag teocht an tseomra. –

Muileann meicniúil: a úsáidtear i gcórais leanúnacha. Fágann sé sin gur féidir cealla na dtorthaí a bhriseadh síos níos mó."

Ionadaítear an méid sin mar a leanas:

"Is é meilt na n-ológ an chéad chéim sa phróiseas táirgthe ola. Is é is aidhm don mheilt na torthaí a bhriseadh síos ionas gur féidir leis an ola atá sna cealla a scaoileadh ansin. I gcórais leanúnacha, tá córais ullmhaithe leafois sna muilte. Téann na hológa isteach sna muilte ar bhealach uathoibrithe, clochanna iontu nó iad bainte astu, agus brúitear iad chun an taos a ullmhú le haghaidh na chéad chéime eile."

MÍNIÚ

Déantar tagairt sa mhír atá le scriosadh don mhodh táirgthe traidisiúnta, nach n-áireofar sa tsonraíocht táirge nua. Chomh maith leis sin, déantar tagairt inti do na hológa a bheith aibí i gcónaí, agus don am meilte agus don teocht freisin. Ní chuirtear na paraiméadair sin i bhfeidhm ar bhealach sonrach faoi láthair toisc go mbeidh siad ag brath ar chuid mhór tosca eile a d'fhéadfadh na dálaí ginearálta a athrú. Is féidir leis na hológa a bheith glas nó aibí agus athróidh an t-am agus an teocht ag brath ar an riocht ina bhfuil na hológa.

Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

11. *An modh táirgthe a nuachóiriú*

An modh táirgthe a nuachóiriú

Baineann an leasú a iarradh leis an sainmhíniú i Roinn E), "Modh táirgthe", sa mhír dar teideal "Mallmhaistreadh leafaois". Ní mheastar an leasú sin a bheith fíor-riachtanach.

TUAIRISC

An mhír "Mallmhaistreadh leafaois" a scriosadh':

'Tugtar na braonta ola le chéile chun céim scaipthe ola a chruthú, rud a éascaíonn méadú ar theocht an leafaois (30-35 °C).'

Ionadaítear an méid sin mar a leanas:

'A luaithe a fhaightear an leafaois trí mheilt, is é an chéad chéim eile an mallmhaistreadh, ar feidhm dá chuid é an ola a bhaint as na cealla ionas go gcruthaítear braonta níos mó trí chomhbhailiúchán. Tá liáin nó córas eile ag na measctóirí chun an leafaos a bhogadh go mall, ach go leanúnach, i gcoimeádáin leathshorcóireacha. Ba cheart dóibh oibriú ag teocht faoi bhun 30 °C agus braithfidh an t-am mallmhaistridh ar an riocht ina bhfuil an leafaos.'

MÍNIÚ

Agus tús áite á thabhairt do cháilíocht, níl aon raonta teochta i dteicnící nua-aimseartha: beidh sé sin ag brath ar an gcineál agus ar thráth na buainte. Roimhe seo, bhí sé i gceist le teochtaí arda mallmhaistridh dlús a chur le heastóscadh agus ceangal na hola sa leafaos maistrithe. Níor tugadh tús áite don cháilíocht, agus ba í an táirgeacht an ghné ba thábhachtaí. Sa lá atá inniu ann, is é an moladh atá ann oibriú ag teochtaí ísle faoi bhun 30 °C, gan raon ar leith a beith sonraithe.

12. *An modh táirgthe a nuachóiriú*

Baineann an leasú a iarradh leis an sainmhíniú i Roinn E), 'Modh táirgthe', sa mhír dar teideal 'Deighilt céimeanna'. Ní mheastar an leasú sin a bheith fíor-riachtanach.

TUAIRISC

An mhír 'Deighilt chéimeanna' a scriosadh:

'Tar éis na meilte, faightear codán soladach (prabhait) a tharraingíonn amach cainníocht áirithe ola, agus codán leachtach (uisce glasraí agus ola) ina mbíonn solaid ar fuaidreamh. Leanfar dhá chéim chun na céimeanna soladacha agus leachtacha sin a dheighilt: – Traidisiúnta. Is éard atá i gceist leis sin na céimeanna a dheighilt trí fháscadh, trí sholaid a dheighilt agus trí scinceáil. Déanfar an fáscadh trí phróiseas baisce a dhéanfar i bhfáisceáin ina bhfuil mataí fáscaidh. Déantar solaid a dheighilt le criathair chreathacha. Déanfar an próiseas scinceála, lena ngabhann an ola a dheighilt ón uisce glasraí i sraith coimeádán, ag brath ar an difríocht sa dlús, i seomraí ina mbíonn an teocht thart ar 20 °C.'

Ionadaítear an méid sin mar a leanas:

'Tar éis an mallmhaistridh, déantar an leafaos a lártheifneoiriú. Mar gheall ar dhlús na leachtanna, déantar an táirge eastósctha a dheighilt ina leibhéil, rud a fhágann na heilimintí is troime (uisce agus prabhait) sa chuid sheachtrach den lártheifneoir, agus na heilimití is éadroime (an ola) sa lár den chuid is mó.

Sa chóras lártheifneora sin, déantar idirdhealú idir na nithe seo a leanas:

— [illegible] córas trí chéim níos traidisiúnta (ola, uisce glasraí agus prabhait). Sa chóras sin, cuirtear uisce leis an meascán a fhaightear ó mhallmhaistreadh, a dhéantar a lártheifneoiriú ansin, trína bhfaightear an méid seo a leanas: ola, uisce glasraí agus prabhait.

— [illegible] córas dhá chéim: Sa chóras sin, déantar an meascán a fhaightear ó mhallmhaistreadh na n-ológ meilte a lártheifneoiriú go díreach, rud a fhágann go mbíonn iarmhair sholadacha agus leachtacha ón meilt a dhéanann seachtháirge ar a dtugtar "alperujo" (prabhait dhá chéim), agus an ola, ar féidir í a lártheifneoiriú arís i lártheifneoir ingearach chun na hiarmhair dheireanacha atá fágtha a bhaint, nó trí scinceáil a dhéanamh.'

MÍNIÚ

Ní úsáidtear an córas baisce nó an córas traidisiúnta a thuilleadh toisc go bhfuil míbhuntáistí ag baint leis: tá an próiseas chun na hológa a bhriseadh síos mall agus neamhleanúnach ós rud é nach mór na hológa a dhoirteadh isteach sa mheicníocht mheilte. Dá bhrí sin, is próiseas fadálach é, lena gceanglaítear de ghnáth na hológa a stóráil le linn na próiseála, rud a fhágann, tráth a bhféadfadh siad tosú ag coipeadh, rud a laghdaíonn cáilíocht na hola. Coinníonn scinceáil an ola i dteagmháil leis an uisce glasraí, lena n-éillítear an ola agus lena laghdaítear a cáilíocht fad atá sé i dteagmháil leis an ola. Mar fhocal scoir, d'fhéadfaimis a rá go bhfuil cuid mhór fadhbanna ag baint leis na córais thraidisiúnta faoi láthair maidir leis an gcáilíocht a cheanglaítear le paraiméadair na sonraíochta táirge le haghaidh olaí olóige úríona a bhaint amach.

13. *Leasuithe eagarthóireachta*

Baineann an leasú a iarradh leis an sainmhíniú i Roinn F) 'Nasc leis an timpeallacht gheografach', sa mhír dar teideal 'Teicnící fáis'. Ní mheastar an leasú sin a bheith fíor-riachtanach.

TUAIRISC

Scriosadh an mhír seo a leanas:

'a) Dlús plandaithe: Déantar an saothrú ar an mbealach neamhuiscithe agus uiscithe. Beidh dlús na plandála neamhuiscithe idir 60 crann agus 100 crann in aghaidh an heicteáir i gcás na gcineálacha Empeltre agus Royal, agus idir 80 crann agus 150 crann i gcás an chineáil Arbequina. Nuair a uiscítear iad, is éard a bheidh sa dlús uasta i gcás na gcineálacha Empeltre agus Royal 200 crann in aghaidh an heicteáir agus 1 000 crann i gcás an chineáil Arbequina.'

Ionadaítear an méid sin mar a leanas:

'Déantar an saothrú ar an mbealach neamhuiscithe agus uiscithe. Beidh dlús an phlandaithe neamhuiscithe idir 60 crann agus 100 crann in aghaidh an heicteáir i gcás na gcineálacha Empeltre agus Royal, agus idir 80 crann agus 150 crann i gcás an chineáil Arbequina. Nuair a uiscítear iad, is éard a bhíonn i ndlús na gcineálacha Empeltre agus Royal de ghnáth 200 crann in aghaidh an heicteáir agus 1 000 crann in aghaidh an heicteáir i gcás an chineáil Arbequina.'

Leasuithe eagarthóireachta

14. *Leasú ar an nasc leis an gcomhshaol*

Baineann an leasú a iarradh leis an sainmhíniú i Roinn F), 'Nasc leis an timpeallacht gheografach', i míreanna b), 'Uisciú a úsáid', c), 'Cothabháil ithreach', d),'Leasú', e), 'Cosaint plandaí', f) 'Prúnáil' Ní mheastar an leasú sin a bheith fíor-riachtanach.

TUAIRISC

Scriosadh an mhír seo a leanas:

'b) Uisciú a úsáid: I gcás ina bhfuil uisce ar fáil, déantar uisciú sna tréimhsí seo a leanas: Ó Aibreán go Bealtaine, thart ar an séasúr bláthaithe; lár mhí Iúil, i gcomhthráth leis an gcéim a bhaineann le cruachan ionchairp; agus i mí Lúnasa-Mheán Fómhair, le linn chéim fáis thapa na dtorthaí.

c) Cothabháil ithreach: I mí Aibreáin, i mí an Mheithimh agus i mí Mheán Fómhair, bristear sraith uachtair na hithreach suas agus úsáid á baint as saothróir trí bhabhta ar leith. I mí Dheireadh Fómhair, úsáidtear rollóir scine chun an ithir a ullmhú le haghaidh na buainte.

d) Leasú: Ní sháraíonn an uasdáileog bhliantúil nítrigine aon chileagram amháin in aghaidh an chrainn, agus déantar an chéad úsáid i ndeireadh an gheimhridh. Úsáidtear fosfar agus potaisiam san fhómhar.

e) Cosaint plandaí: Déanann an feirmeoir na cóireálacha fíteashláintíochta iomchuí chun ionsaithe ó lotnaidí agus ó ghalair a chosc. Is iad seo a leanas na cinn is coitianta sa limistéar: – Lotnaidí: Cuil torthaí olóige (*Bactrocera oleae* Gmel), Leamhan olóige (*Prays oleae*), Ciaróg choirte olóige (*Phloeotribus scarabaeoides*), Scim dhubh na Meánmhara (*Saissetia oleae*), Leamhan seasmaine (*Margaronia unionalis*), Leamhan pirilíde olóige (*Euzophera pinguis*). – Galair fhungasacha: Ball duille olóige (*Cycloconium oleaginum*), Múscán súiche an chrainn olóige (*Capnodium elaeophilum*): fungas a fhásann ar an drúchtín meala a thálann scim dhubh na Meánmhara.

f) Prúnáil: Déantar prúnáil éadrom sa tréimhse treoraithe chun moilleanna i dtús an tséasúir bláthaithe a sheachaint. I gcás cuachthreorú, fágtar dhá phríomhchraobh nó trí aon mhéadar amháin os cionn na talún agus déantar roinnt tanúcháin ar na craobhacha ón 4ú bliain ar aghaidh chun go mbeidh solas in ann dul isteach i gceannbhrat na gcrann. I bhfáschoillte lánfhásta, ní mór an cóimheas duilleog/adhmaid a choinneáil ar bun ag an leibhéal céanna agus a bhí ann nuair a bhí na fáschoillte óg.

g) Táirgeacht ola; Is é an uastáirgeacht ola in aghaidh an heicteáir 1 250 cileagram in aghaidh an heicteáir ar thalamh neamhuiscithe agus 2 000 cileagram in aghaidh an heicteáir ar thalamh uiscithe.'

MÍNIÚ

Ní paraiméadair iad na teicnící fáis, an phrúnáil agus an táirgeacht ola a bhaineann leis an nasc, ach is cleachtais uilíocha iad nach mbíonn gnéithe idirdhealaitheacha sa táirge deiridh mar thoradh orthu.

Is iad an limistéar geografach, an aeráid, an ithir agus, thar aon ní eile, na cineálacha olóige na tosca a idirdhealaíonn Aceite del Bajo Aragón ó olaí olóige eile. Tá athrú tagtha ar na teicnící fáis, uiscithe agus cóireála ithreach ó bhí 2000 ann. Go traidisiúnta, bhí achair phlandaithe ag brath ar bháisteach, ar chórais uisciúcháin agus ar thosca comhshaoil eile.

Is é an treocht atá ann faoi láthair uisciú silte a úsáid, agus cóireálacha cosanta ithreach agus plandaí á gcur i bhfeidhm tríd an modh silte sin. Athraíonn riachtanais i dtéarmaí teicnící fáis ag brath ar na treochtaí is déanaí maidir le saothrú ológ. Ar an gcaoi chéanna, tá moirfeolaíocht an chrainn athraithe ag brath ar chineál na buainte agus ar an gcineál olóige.

D'fhéadfadh athruithe a bheith an maidir le cothabháil ithreach ag brath ar an gcineál gabháiltais, ar na hachair plandaithe agus ar an córas uiscithe. Le déanaí, fágadh sraitheanna fásra chun creimeadh a chosc. Níl aon chiall leis an gcóras cothabhála ithreach a leagan síos.

Le blianta beaga anuas, tá méadú ag teacht ar an aitheantas a thugtar don tábhacht a bhaineann le cleachtais talmhaíochta inbhuanaithe a ghlacadh, ar cleachtais iad lena n-íoslaghdaítear an tionchar ar an gcomhshaol. D'fhéadfadh úsáid iomarcach ceimiceán agus leasachán a bheith i gceist le cleachtais thraidisiúnta talmhaíochta, rud a d'fhéadfadh tionchar diúltach a imirt ar cháilíocht na hola, ar an mbithéagsúlacht agus ar cháilíocht an uisce. Trí chleachtais feirmeoireachta olóige a athrú i bhfabhar modhanna níos inbhuanaithe, is féidir cuidiú leis an gcomhshaol a chaomhnú agus táirgeadh a ráthú san fhadtéarma.

Tá sé tábhachtach a chur in iúl go bhfuil dul chun cinn eolaíoch agus teicneolaíoch, chomh maith le dúshláin chomhshaoil agus éilimh an mhargaidh, ag cur dlús leis an ngá atá ann cleachtais feirmeoireachta a fheabhsú agus a oiriúnú de réir mar a théimid ar aghaidh.

Déanann an leasú sin difear don doiciméad aonair.

15. *Leasú a bhaineann leis an gcomhlacht cigireachta*

Baineann an leasú a iarradh leis an sainmhíniú i Roinn G), 'Struchtúr cigireachta', Ní mheastar an leasú sin a bheith fíor-riachtanach. Scriosadh an mhír seo a leanas:

'Is iad seo a leanas atá freagrach as comhlíonadh na sonraíochta táirge seo a fhíorú:

PREMIUMLAB S.L.

Seoladh: Santa Creu de Calafell 49 B
08830 Sant Boi de Llobregat (Barcelona)

Teil,: (+ 34) 902 102 358

www.premiumlab.eu'

Ionadaítear an méid sin mar a leanas:

'Déanfaidh an comhlacht deimhniúcháin arna roghnú ag Bord Rialála an ATFC "Aceite del Bajo Aragón" agus arna údarú ag Roinn Talmhaíochta Rialtas Aragón fíorú ar chomhlíonadh na sonraíochta táirge seo.'

MÍNIÚ

Is comhlacht seachtrach é an comhlacht cigireachta a fhíoraíonn go bhfuil an tsonraíocht táirge á comhlíonadh. Féadfar an comhlacht cigireachta a athrú ó bhliain amháin go dtí an chéad bhliain eile, nó féadfaidh an comhlacht sin ainm nó seoladh a chomhlachta a athrú. Is fearr a lua sa tsonraíocht táirge gur comhlacht seachtrach é agus go ndéanfar a cheapachán a thaifeadadh i dtaifid Roinn Talmhaíochta Rialtas Aragón

16. *Athrú ar an bhfoclaíocht sa roinn maidir le lipéadú*

Baineann an leasú a iarradh leis an sainmhíniú i roinn H), 'Lipéadú'.

Ní mheastar an leasú sin a bheith fíor-riachtanach.

TUAIRISC

Scriosadh an mhír seo a leanas:

'Sula n-úsáidtear na lipéid, ní mór don Bhord Rialála iad a údarú chun na gcríoch a liostaítear sa tsonraíocht táirge seo. Féadfar údarú a tharraingt siar freisin ó na lipéid ar deonaíodh údarú dóibh roimhe sin i gcás ina bhfuil athrú tagtha ar na himthosca ba chúis leis an údarú, tar éis éisteacht a thabhairt don pháirtí lena mbaineann.'

Ionadaítear an méid sin mar a leanas:

'Sula n-úsáidtear na lipéid, ní mór don Bhord Rialála a sheiceáil go bhfuil na lipéid ceart chun na gcríoch a liostaítear sa tsonraíocht táirge seo.'

MÍNIÚ

Scriosadh an focal 'údaraithe' a thagraíonn d'úsáid na lipéad. Déanann an Bord Rialála athbhreithniú ar an lipéad agus cuireann sé in iúl don phacáisteoir go bhfuil an lipéad ceart agus go bhféadfaidh sé tús a chur lena úsáid.

DOICIMÉAD AONAIR

**'Aceite del Bajo Aragón'**

**PDO-ES-0118-AM02 — 11.6.2025**

**ATFC (X) TGFC ( )**

1. **Ainm nó ainmneacha (an ATFC nó TGFC)**

'Aceite del Bajo Aragon'

2. **Ballstát nó tríú tír**

an Spáinn

3. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta nó táirge bia**

3.1. *Cineál an táirge*

15 — SAILLTE AGUS OLAÍ AINMHÍOCHA, PLANDÚLA NÓ MIOCRÓBACHA AGUS A dTÁIRGÍ SCOILTE; SAILLTE INITE ULLMHAITHE; CÉARACHA PLANDÚLA NÓ AINMHÍOCHA

1509 — Ola olóige agus a codáin, scagtha nó gan bheith scagtha, ach gan iad a bheith modhnaithe go ceimiceach

1509 20 — Ola olóige úríon

3.2. *Tuairisc ar an táirge lena mbaineann an t-ainm in (1)*

Is é 'Aceite del Bajo Aragón' an t-ainm a thugtar ar ola olóige úríon a tháirgtear ó ológa de chuid na gcineálacha Empeltre, Arbequina agus Royal a fásadh, a próiseáladh agus a pacáistíodh sa limistéar táirgeachta, próiseála agus pacáistithe a leagtar amach sa tsonraíocht táirge.

Ní mór na hológa a úsáidtear a bheith go heisiach de chineálacha Empeltre, Arbequina agus Royal. Ní mór gurb é an cineál Empeltre a bheadh in 80 % ar a laghad de na hológa a úsáidtear, mar gheall ar a cheannasacht sa limistéar táirgeachta agus ar shaintréithe traidisiúnta an táirge. Ní fhéadfaidh na cineálacha eile níos mó ná 20 % de na hológa a úsáidtear a shárú.

Ní mór na holaí a chumhdaítear leis an ainmniúchán tionscnaimh 'Aceite del Bajo Aragón' a bheith den chatagóir úríon agus ní mór na saintréithe seo a leanas a bheith iontu:

Dath: dath glas nó glas scothbhuí i dtús an tséasúir buainte; Dath buí i ndeireadh an tséasúir buainte, nuair a bhíonn an ola olóige níos aibí.

Próifíl: Ag brath ar thráth na buainte, is féidir leis na holaí torthaíocha a bheith sa raon idir éadrom agus dian, agus is féidir leis na holaí searbha agus géara a bheith sa raon idir éadrom agus meánach. Ar a mbíonn mionbhlasanna a thabharfadh torthaí triomaithe, gallchnónna agus almóinní go háirithe chun cuimhne.

Fabht airmheánach (Md): = 0

Airmheán torthaíoch (Mf): > 2

Airmheán don saintréith shearbh < 6

Airmheán le haghaidh thréith na géire: < 6

Fisiceach agus ceimiceach:

Aigéadacht (% aig. oiléach): 0,80 ar a mhéad

Innéacs sárocsaíde (mEq O2/kg): 20 ar a mhéad

K270 (n.m.): 0,15 ar a mhéad

K232 (n.m.): 2,00 ar a mhéad

Bogthaise agus galacháin (%): 0,15 ar a mhéad

Eisíontais (%): 0,10 ar a mhéad

3.3. *Beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch amháin) agus amhábhair (i gcás táirgí próiseáilte amháin)*

Is iad ológa de chuid na gcineálacha Empeltre, Arbequina agus Royal a fhástar sa limistéar geografach a shainítear i bpointe 4 an t-amhábhar a úsáidtear chun 'Aceite del Bajo Aragón' a tháirgeadh.

3.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór na hológa a fhás agus an táirge a phróiseáil laistigh den limistéar geografach amháin a shainmhínítear i bpointe 4.

Ní mór na hológa atá le húsáid chun ola atá faoi chosaint ag an ainmniúchán tionscnaimh a fháil ó fháschoillte cláraithe atá suite sa limistéar geografach sainithe. Ní mór iad a bheith de na cineálacha údaraithe agus ní mór gur fásadh iad de réir na gcleachtas a leagtar amach sa tsonraíocht táirge.

Ní mór an ola a eastóscadh i muilte cláraithe atá suite laistigh den limistéar táirgeachta a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos.

Ní mór an ola a eastóscadh laistigh de 48 n-uaire an chloig tar éis na buainte. Tá na céimeanna seo a leanas sa phróiseas:

— Na hológa a ní.

— Meilt Úsáidfear an muileann meicniúil (córas leanúnach) sa phróiseas meilte.

— Mallmhaistreadh an leafaois.

— Deighilt na gcéimeanna — Úsáidfear lártheifneoirí le haghaidh an chórais leanúnaigh.

— Stóráil.

3.5. *Rialacha sonracha maidir le sliseadh, grátáil, pacáistiú, etc. an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór olaí a chumhdaítear leis an ainmniúchán tionscnaimh seo a phacáistiú laistigh de na bardais lena gcomhdhéantar an limistéar táirgeachta. Ní mór na holaí a phacáistiú i gcoimeádáin ghloine, cheirmeacha, phoileitiléine (PE) nó mhiotail ag a bhfuil uastoilleadh cúig lítear.

3.6. *Rialacha sonracha a bhaineann le lipéadú an táirge dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór do na gléasraí a phacáistíonn an ola, ar gá deimhniú comhréireachta a bheith faighte acu ón gcomhlacht cigireachta arna roghnú ag an mBord Rialála, na focail Denominación de Origen Protegida 'Aceite del Bajo Aragón' ('Aceite del Bajo Aragón') a chur san áireamh ar na lipéid phacáistíochta, in éineacht leis an lipéad uimhrithe arna eisiúint ag an mBord Rialála, rud a fhágann gur féidir an táirge a rianú nuair a chuirtear ar an margadh é.

4. **Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach**

Is é limistéar táirgeachta na n-olaí a chumhdaítear leis an ainmniúchán tionscnaimh 'Aceite del Bajo Aragón' an 'ceantar nádúrtha' atá suite in iarthar Chomhphobal Féinrialaitheach Aragón, atá suite sa cheantar ina mbuaileann cúigí Zaragoza agus Teruel le chéile.

Áiríonn an limistéar geografach na bardais seo a leanas: Aguaviva, Alacón, Albalate del Arzobispo, Alborge, Alcañiz, Alcorisa, Alloza, Almochuel, Almonacid de la Cuba, Andorra, Arens de Lledó, Ariño, Azaila, Beceite, Belchite, Belmonte de San José, Berge, Bordón, Calanda, Calaceite, Cañizar del Olivar, Caspe, Castelserás, Castelnou, Castellote, Chiprana, Cinco Olivas, Codo, Cretas, Crivillén, Escatrón, Estercuel, Fabara, Fayón, Fórnoles, Foz-Calanda, Fuentes de Ebro, Fuentespalda, Gargallo, Híjar, Jatiel, La Cebollera, La Codoñera, La Fresneda, La Ginebrosa, La Mata de los Olmos, La Portellada, La Puebla de Híjar, La Zaida, Lagata, Letux, Lledó, Los Olmos, Maella, Más de las Matas, Mazaleón, Mequinenza, Molinos, Monroyo, Nonaspe, Oliete, Parras de Castellote, Peñarroya de Tastavins, Quinto de Ebro, Ráfales, Samper de Calanda, Sástago, Seno, Torrecilla de Alcañiz, Torre de Arcas, Torre del Compte, Torrevelilla, Urrea de Gaén, Valdealgorfa, Valdeltormo, Valderrobres, Valjunquera, Vinaceite.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Is iad na cineálacha a fhástar go traidisiúnta sa limistéar táirgeachta na cineálacha a fhéadfar a úsáid chun 'Aceite del Bajo Aragón' a tháirgeadh. Ar bhonn tagairtí doiciméadacha atá ar marthain, is féidir Empeltre agus Royal a mheas mar chineálacha dúchasacha, agus tugadh Arbequina isteach sa 19ú haois ón gCatalóin in aice láimhe. Tá an tagairt is luaithe atá ar eolas d'ola ón limistéar le fáil in *Ora maritima* [Cósta farraige], a scríobh an file Laidine de chuid an ceathrú haois, Rufus Festus Avienius, agus atá bunaithe ar théacs a théann siar go 550 BC. Déantar cur síos in *Ora maritima* ar an gcaoi a dtaistealaíodh mairnéalaigh in aghaidh srutha feadh an Ebro chun dul i mbun trádála leis na daoine a bhíodh ina gcónaí feadh a bruacha agus, mar chuid den phróiseas, soláthairtí ola, fíona agus cruithneachta a fháil. In *Ora maritima*, tagraítear don Ebro mar *Oleum flumen* nó 'abhainn ola'. Rinne Ignacio de Asso, a scríobh *Historia de la Economía Política de Aragón* [Stair Gheilleagar Polaitiúil Aragón], tagairt go minic do chrainn olóige in Bajo Aragón.

Thosaigh Aceite del Bajo Aragón ag cruthú an chlú atá air faoi láthair i dtrátha dheireadh an 19ú haois, nuair a mheall Tortosa, an príomh-mhargadh ola ón Aragón Íochtarach, gnólachtaí móra a raibh fonn orthu leas a bhaint as cáilíochtaí na hola áitiúla. Go luath ina dhiaidh sin, bunaíodh roinnt gnólachtaí in Alcañiz, agus é mar aidhm acu a n-ola a fháil go díreach ón Aragón Íochtarach, iad ag seachaint Tortosa ar fad mar aon leis an iomaíocht ghéar a bhí ann. Léiríonn tagairt bhibleagrafaíoch thábhachtach i dtús an chéid clú Aceite del Bajo Aragón an tráth sin, is é sin an leabhar *Elaboración del Aceite de Oliva* [Táirgeadh ola olóige] le Isidro Aguiló agus Cortés, dar dáta 1918. Sa chéad tríú chuid den 20ú haois, thug gastranómairí amhail Teodoro Bardají agus Dionisio Pérez aird mhór ar Aceite del Bajo Aragón. Le himeacht aimsire, d'éirigh sé coitianta a chloisteáil, lasmuigh den réigiún, gurb é Aceite del Bajo Aragón an ola olóige is fearr ar domhan, ar dearcadh é léirigh Daniel Magrané ina leabhar *El aceite de oliva en España* [Ola olóige sa Spáinn] (Espaso Calpe, 1961).

Tá an limistéar táirgeachta suite in Aragón Íochtarach, i.e. an chuid thoir theas d'abhantrach Ebro, ar limistéar é atá comhthitimeach go bunúsach le gleannta Aguavivas, Martín, Regallo, Guadalope agus Matarraña. Saintréith dá chuid is ea a thirimeacht, an líon íseal agus neamhrialta báistí a thiteann ann agus a theocht fhoircneach, arb é is cúis leis go gcosnaíonn an tír-raon an limistéar ó thionchair mhuirí na Meánmhara agus an Atlantaigh araon, rud a chruthaíonn cineál aeráide ilchríochaí. Thairis sin, cuireann an *cierzo*, an ghaoth láidir anoir aduaidh atá i réim, leis an tirimeacht. Tá an limistéar cothrom agus beagáinín droimneach, agus airdí ann ó 122 mhéadar in Caspe go 632 mhéadar in Alcorisa. Tá an ithir cailcreach, agus sainchisil ghipsim agus charbónáite ann, agus is saintréith é sin de dhríodrú locha in aeráid the, thirim na ré Méicéiní.

Titeann idir 327,9 mm báisteach in Caspe ar an meán in aghaidh na bliana agus titeann 367,9 mm in Alcañiz. Is é thart ar 14,3 °C an mheánteocht bhliantúil in Alcañiz agus is é 15 °C an mheánteocht bhliantúil in Caspe. Is é 19,9 °C an mheánteocht uasta in Alcañiz agus is é 20,6 °C an mheánteocht uasta in Caspe, agus is é 8,8 °C agus 9,3 °C faoi seach an mheánteocht íosta. Léiríonn sé sin go mbíonn raon leathan teochta ann: níos airde ná 18 °C. Ó mhí an Mhárta go mí Dheireadh Fómhair, sáraíonn teochtaí uasta 25 °C. I míonna an tsamhraidh, sáraíonn an mheánteocht uasta 35 °C. Saintréith eile d'aeráid an limistéir is ea inbhéartú teochta. Sa gheimhreadh, nuair a bhíonn frithchioclóin ann, socraíonn an t-aer fuar sna sraitheanna níos ísle agus cruthaíonn sé ceonna fuara fadmharthanacha ar lú ná 6 °C na huasteochtaí ann, agus sna limistéir níos airde, nach mbíonn aon cheo iontu, sroicheann na huasteochtaí breis agus 15 °C.

Fágann teicnící atá ag dul de réir dul chun cinn eolaíoch agus teicneolaíoch, chomh maith le dúshláin chomhshaoil agus éilimh mhargaidh, gur tosaíocht don todhchaí é feabhas a chur ar chleachtais feirmeoireachta.

**Tagairt d'fhoilsiú na sonraíochta táirge**

https://www.aragon.es/-/denominacion-origen-protegida-aceite-bajo-aragon